# ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA
# LEANAÍ AN AONTAIS

## An Plean Oibre
## 2023-2024



#EUChildParticipation



# Céard atá i gceist leis seo?

Le linn an Chomhthionóil Ghinearálta i mí an Mheithimh 2023, phléigh gach duine obair Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais.

Sa doiciméad seo, léireofar an chaoi ar chuir an Coimisiún, an Rúnaíocht agus Bord Comhairleach an Ardáin na smaointe ón gComhthionól Ginearálta san áireamh ann, chomh maith leis an méid nár cuireadh sa doiciméad go fóill.

- Is éard atá sa **Chomhthionól Ginearálta** cruinniú leanaí atá ina mbaill den Ardán. Molann siad smaointe faoi ábhair agus faoi ghníomhaíochtaí.
- Is éard atá sa **Bhord Comhairleach** grúpa leanaí agus daoine fásta ó gach cearn den Eoraip. Tugann siad comhairle don Choimisiún.
- Is éard atá i b**Painéal na Leanaí** grúpa leanaí ó gach cearn den Eoraip. Tugann siad comhairle don Rúnaíocht faoi conas nithe a eagrú.
- Is éard atá sa **Rúnaíocht** na daoine a chabhraíonn le gach rud a eagrú: daoine ó chuideachta ICF, na heagraíochtaí um chearta leanaí 'Fóir ar na Páistí' agus 'SOS Children's Villages', cuideachta RPA, agus na saineolaithe Laura Lundy agus Cath Larkins.
- Tá **an Coimisiún** mar chuid den Aontas Eorpach. Éisteann sé le smaointe na leanaí atá rannpháirteach san ardán agus déanann sé iarracht a gcuid smaointe a chur san áireamh i gcinntí an Aontais. Íocann sé as na gníomhaíochtaí.







# Cé na rudaí a ndíreoidh an tArdán orthu?

## D'iarr leanaí ar an Ardán díriú ar na hábhair seo a leanas:

- Stop a chur le foréigean in aghaidh leanaí
- Rannpháirtíocht leanaí sa phróiseas cinnteoireachta
- Bochtaineacht leanaí
- Sláinte agus folláine leanaí
- Leanaí ar son Eoraip atá níos cothroime agus níos glaise
- An ceart chun oideachais a chosaint




## Cinneadh an méid seo a leanas:

Cuirfear an chéad dá réimse fócais san áireamh i bPlean Oibre 2023-2024. Caithfimid am sa chéad bhliain freisin an tArdán a mheasúnú agus an suíomh gréasáin a chruthú.  Féadfar na réimsí fócais eile a chur sa chéad Phlean Oibre eile (2025-2026).

Déanfaimid iarracht deiseanna a chruthú chun na réimsí fócais eile a phlé laistigh d'Ábhar 1 agus Ábhar 2 (atá le fáil níos déanaí sa doiciméad seo).  In 2024 agus 2025, pléifidh leanaí na hábhair agus na gníomhaíochtaí do na blianta 2025 agus 2026 ag na chéad chruinnithe eile den bhord comhairleach agus den chomhthionól ginearálta, i gcás inar mhaith leo aon rud a athrú.

## Is iad seo a leanas na cúiseanna leis an gcinneadh seo:

Ní féidir leis an Ardán ach obair a dhéanamh ar cheithre ábhar ag aon am amháin.

Trí dhíriú ar na chéad ábhair anois, beidh an tArdán ag obair ar shaincheisteanna ag an am céanna leis an gCoimisiún. Cinnteofar leis sin go mbeidh níos mó tionchair ag leanaí agus a gcuid smaointe.



# Cé na gníomhaíochtaí a bheidh le fáil ar an Ardán?




## Seo na gníomhaíochtaí a bheidh le fáil:

- cruinnithe ar líne agus go pearsanta, gníomhaíochtaí le cluichí, rólimirt agus vótáil;
- cruinnithe le saineolaithe, ionadaithe thar ceann rialtas agus institiúidí an Aontais, agus gníomhaithe óga;
- ceistneoirí ar líne agus pléghrúpaí;
- doiciméid a athscríobh i dteanga agus i bhformáid níos simplí.

# Cé a eagróidh na gníomhaíochtaí?

Eagróidh Rúnaíocht an Ardáin na gníomhaíochtaí.

Pléifidh agus molfaidh Painéal na Leanaí conas na gníomhaíochtaí sin a eagrú.

Cinnteoidh an Coimisiún Eorpach go mbeidh gach rud ag rith mar is ceart agus tabharfaidh sé barúlacha agus moltaí faoin bPlean Oibre agus an chaoi a gcuirfear i bhfeidhm é.








# Cad é atá i gceist leis an bPlean Oibre?

## Is éard atá sa Phlean Oibre:




Bheith ag mothú slán sábháilte




An daonlathas agus vóta a chaitheamh




Suíomh gréasáin Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais




Cé na rudaí a d'oibrigh go maith, cé na rudaí nár oibrigh go maith agus cad é an chéad rud eile is mian linn a dhéanamh?



Ábhar 1

# Bheith ag mothú slán sábháilte

**Bealtaine 2023 – Meitheamh 2024**

## CÉARD ATÁ I gCEIST agus CÉN FÁTH ATÁ LEIS?

Tá baint ag an ábhar seo le hobair an Choimisiúin faoi conas feabhas a chur ar chosaint leanaí ar fud an Aontais. Cuideoidh na torthaí leis an gCoimisiún doiciméad beartais* a scríobh dar teideal 'Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite um chosaint leanaí'. Míneofar sa doiciméad sin an chaoi ar féidir le saineolaithe agus seirbhísí éagsúla oibriú le chéile ar bhealach níos fearr ionas go mbeidh leanaí slán sábháilte.

D'iarr an Coimisiún ar dhaoine fásta freisin a gcuid barúlacha ar an ábhar céanna a chur isteach agus labhair sé le comhghleacaithe laistigh den Choimisiún agus le rialtais an Aontais. Glacfaidh an Coimisiún an doiciméad laistigh de na chéad thrí mhí in 2024.

## CONAS A DHÉANFAIMID SIN?

1. **Suirbhé ar líne atá oiriúnach do leanaí, grúpaí fócais agus agallaimh** (Meitheamh – Deireadh Fómhair 2023)
2. **Cruinniú ar líne** do leanaí – labhróidh baill den Ardán (Eanáir – Feabhra 2024) ar an ngníomhaíocht agus a cuid torthaí, freagróidh siad ceisteanna na leanaí agus díreoidh siad ar na hábhair a bhfuil an tábhacht is mó acu do leanaí, e.g. cúrsaí folláine agus/nó an mheabhairshláinte. Chomh maith leis sin, beidh saineolaithe ar fáil a bheidh ábalta ceisteanna a fhreagairt nó ábhair a phlé ar mhian le leanaí tuilleadh eolais a fhoghlaim fúthu.
3. Leagan de Mholadh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí atá **oiriúnach do leanaí** (Aibreán – Bealtaine 2024) i dteangacha uile an Aontais.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Beidh leanaí in ann a gcuid tuairimí a thabhairt faoin méid atá ag teastáil uathu chun bheith slán sábháilte agus beidh an deis acu labhairt le saineolaithe faoi sin.
- Bainfidh an Coimisiún úsáid as tuairimí leanaí chun na moltaí a scríobh agus cuirfidh sé leanaí ar an eolas faoin gcaoi a ndearna sé an méid sin.
- Leis na moltaí, tabharfar comhairle do rialtais an Aontais faoin mbealach chun cosaint níos fearr a thabhairt do leanaí.





Ábhar 2

# An daonlathas agus vóta a chaitheamh

**Samhain 2023 – Meitheamh 2024**

## CÉARD ATÁ I gCEIST agus CÉN FÁTH ATÁ LEIS?

Le linn an Chomhthionóil Ghinearálta, dúirt leanaí go raibh sé tábhachtach an daonlathas agus an aois vótála a phlé. Is ceart labhairt faoin daonlathas freisin mar caithfidh saoránaigh den Aontas vóta i mí an Mheithimh 2024 ar son na ndaoine agus is iadsan dhéanfaidh ionadaíocht do na saoránaigh i bParlaimint na hEorpa. Breathnóimid freisin ar na bealaí éagsúla atá ann chun páirt a ghlacadh sa daonlathas (e.g. leanaí agus comhairlí na n-óg) agus ar an gcaoi ar féidir le leanaí athrú a chur i gcrích agus tionchar a bheith acu trí na bealaí sin.

Is cuid an-tábhachtach den daonlathas é an ceart vótála agus is féidir a bheith i do shaoránach gníomhach nuair a chaitheann tú do vóta. I roinnt tíortha is féidir le daoine óga 16 bliana d'aois vóta a chaitheamh. Gheobhaimid amach conas a oibríonn sé sa chleachtas agus tabharfaimid an deis do leanaí a gcuid tuairimí a roinnt mar gheall air sin.

Ós rud é go raibh leanaí ag iarraidh na hábhair eile atá beartaithe le haghaidh an chéad Phlean Oibre eile de chuid an Ardáin (2025-2026) a fhiosrú a luaithe is féidir, díreoidh Ábhar 2 ar an gcaoi ar féidir linn féin a chosaint ón mbréagnuacht agus ón mífhaisnéis, go háirithe faoi ábhair amhail an t-athrú aeráide, saincheisteanna faoin gcomhshaol agus an mheabhairshláinte.

## CONAS A DHÉANFAIMID SIN?

1. **Ceardlanna ar líne do leanaí – baill den Ardán agus saineolaithe le chéile** chun plé a dhéanamh ar an méid atá i gceist leis an daonlathas sna tíortha, sna cathracha, sna scoileanna agus conas seiceáil fíricí a dhéanamh ar aon eolas. Bainimid úsáid as ábhar an athraithe aeráide mar réimse inar gá linn idirdhealú a dhéanamh idir eolas atá fíor agus eolas atá bréagach. Sa cheardlann, roinnfear eolas faoi na dea-chleachtais chun dul i ngleic leis an mbréagnuacht agus déanfar plé ar na próisis dhaonlathacha trínar féidir le leanaí athrú a dhéanamh.
2. **Comhairliúcháin le leanaí – baill den Ardán:** suirbhé ar líne agus grúpaí fócais arb é is aidhm dóibh daoine óga ag glacadh páirt sna próisis daonlathacha agus i dtoghcháin, mar shampla, an ceart vótála dóibh siúd os cionn 15 bliana d'aois i dtíortha sonracha, an chaoi a n-oibríonn sé sin agus na rudaí a spreagann leanaí agus daoine óga bheith gníomhach nó vóta a chaitheamh. D'fhéadfaí agallaimh a chur ar dhaoine a chaith vóta cheana féin agus ar ghníomhaithe óga.
3. **Doiciméad atá oiriúnach do leanaí ina bhfuil treoracha** maidir le conas teacht ar eolas cruinn ar líne, céard atá i gceist le vótáil leictreonach, conas clárú le haghaidh toghchán agus na bealaí eile chun bheith rannpháirteach sna próisis dhaonlathacha seachas vóta a chaitheamh.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Cuirfear oiliúint phraiticiúil ar leanaí agus tabharfar eolas dóibh faoi conas teacht ar eolas cruinn ar líne agus cad é atá i gceist leis an daonlathas sa chleachtas.
- Cuirfear torthaí na gcomhairliúchán in iúl agus déanfar plé orthu le Ballstáit an Aontais.
- Gheobhaidh an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa smaointe faoi conas feachtais toghcháin a reáchtáil do dhaoine óga amach anseo.





Ábhar 3

# Suíomh gréasáin Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais

**Meán Fómhair 2023 – Bealtaine 2024**



## CÉARD ATÁ I gCEIST agus CÉN FÁTH ATÁ LEIS?

I gcruinniú an Comhthionóil Ghinearálta, dúirt leanaí go bhfuil níos mó eolais faoi rannpháirtíocht leanaí ag teastáil uathu.

Tá sé tábhachtach go bhfuil sé éasca agus suimiúil do leanaí agus do dhéagóirí an t-eolas sin a léamh agus a thuiscint ionas go bhféadfaidh níos mó leanaí foghlaim faoi agus a bheith rannpháirteach.

Chun cuidiú linn sin a dhéanamh, oibreoimid le leanaí chun an suíomh gréasáin agus an t-eolas a bheidh air a chruthú.

## CONAS A DHÉANFAIMID SIN?

1. **Agallamh atá oiriúnach do leanaí**, grúpaí fócais agus agallaimh le leanaí chun a gcuid tuairimí agus tosaíochtaí a bhailiú.
2. **Cluichí agus turgnaimh idirghníomhacha ar líne** do leanaí chun cuidiú linn a fháil amach an bhfuil an suíomh gréasáin leagtha amach go deas agus an bhfuil sé éasca é a thuiscint agus a úsáid.
3. **Plé le leanaí** faoin gcaoi a bhféadaidís bheith páirteach i bhforbairt shuíomh an Ardáin amach anseo.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Cruthóidh foireann gréasáin an Choimisiúin, in éineacht leis an Rúnaíocht, suíomh gréasáin a bheidh oiriúnach do leanaí agus tuairimí leanaí á gcur san áireamh.
- Roinnfear gach rud a fhoghlaimímid ó leanaí i gcruinniú le heagraíochtaí an Aontais um rannpháirtíocht leanaí agus cuirfear pacáiste foghlama ar fáil do dhaoine fásta chun cabhair a thabhairt dóibh lena suíomhanna gréasáin.
- Beidh leanaí páirteach san **Ardán** agus cumarsáid agus eolas ar líne á gcruthú.



Ábhar 4

# Cé na rudaí a d’oibrigh go maith, cé na rudaí nár oibrigh go maith agus cad é an chéad rud eile is mian linn a dhéanamh?

**Meitheamh – Nollaig 2024**

## CÉARD ATÁ I gCEIST agus CÉN FÁTH ATÁ LEIS?

Seo í an chuid dheireanach, atá an-tábhachtach, den Phlean Oibre seo. Breathnóimid ar an méid ar oibrigh an tArdán air in 2023 agus 2024 agus pléifimid na gnéithe ba mhaith linn a choinneáil agus na gnéithe ba mhaith linn a athrú. D’fhéadfaimis breathnú ar bhealaí níos fearr chun dul i dteagmháil le leanaí i dtíortha éagsúla agus chun an tArdán a fhógairt. Beidh moltaí faoin gcumarsáid agus faoi obair for-rochtana ó chruinniú an bhoird chomhairligh i mí Dheireadh Fómhair mar chuid den phlé.

Déanfaimid plé freisin ar bhealach níos fearr chun cearta an linbh a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Ullmhóimid an chéad Phlean Oibre eile bunaithe orthu sin.

## CONAS A DHÉANFAIMID SIN?

1. **Comhairliúcháin:** reáchtálfar suirbhé ar líne, grúpaí fócais agus agallaimh
2. **Cruinniú go pearsanta nó cruinniú hibrideach**: I gceardlanna agus gníomhaíochtaí éagsúla a mbeidh nasc acu leis na gníomhaíochtaí go léir a eagraíodh roimhe seo in 2023 agus 2024, déanfaidh leanaí plé ar na hábhair seo a leanas:
   - **Bheith ag mothú slán sábháilte:** an Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a chur i láthair, aiseolas agus plé/cruinniú le saineolaithe (Ábhar 1) agus ionadaithe rialtas
   - **An daonlathas agus toghcháin:** cruinniú le gníomhaithe óga/údaráis na mBallstát chun an t-aiseolas ón suirbhé a bhaineann le hÁbhar 2 a phlé
   - **Suíomh gréasáin:** machnamh ar an bpróiseas comhchruthaithe, conas leanúint leis sin agus dea-chleachtais a roinnt (Ábhar 3)
   - **Cé atá san Ardán agus an chaoi ar féidir le daoine fásta agus leanaí a bheith ag obair le chéile níos fearr:** plé a dhéanamh ar na bealaí comhoibrithe is fearr agus an chaoi is fearr a n-oibríonn an tArdán, leis an méid a rinneadh go dtí seo agus na pleananna don tréimhse atá le teacht san áireamh.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Tabharfaidh agus gheobhaidh leanaí aiseolas ó gach comhairliúchán ar ghlac siad páirt ann.
- Tabharfaidh leanaí ionchur i leith an chéad Phlean Oibre eile.
- Tabharfar cuireadh d’údaráis na mBallstát plé a dhéanamh le leanaí ar ábhar roghnaithe.
- Gheobhaidh an Coimisiún léargas ar an gcaoi ar oibrigh an tArdán go dtí seo, ar na nithe atá le coimeád agus na nithe atá le hathrú.

# Conas a oibríonn an tArdán in éineacht le leanaí agus ar a son?

## Leanaí i gComhlachais na gComhaltaí

51 chomhlachas is comhaltaí ó 21 thír de chuid an Aontais Eorpaigh

## An Bord Comhairleach

Grúpa 15 leanbh agus duine fásta a thugann comhairle don Choimisiún faoin méid ba cheart don Ardán a dhéanamh.

## Painéal na Leanaí

Grúpa 16 leanbh a thugann comhairle don Rúnaíocht faoin gcaoi ar cheart don Ardán a chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh.

## An Comhthionól Ginearálta

Cruinniú mór ina bpléann leanaí agus daoine fásta an méid ba cheart don Ardán a dhéanamh agus conas sin a dhéanamh.

## An Plean Oibre

PPlean scríofa ina míneofar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an tArdán ar feadh 2 bhliain.

## An Coimisiún

Daoine fásta a dhéanann iarracht smaointe leanaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Ardáin a chur san áireamh i gcinntí an Aontais. Cistíonn sé an tArdán agus ritheann sé an suíomh gréasáin in éineacht leis an Rúnaíocht.

## An Rúnaíocht

Daoine a ritheann an tArdán agus a oibríonn le gach duine chun gníomhaíochtaí (pleananna, suirbhéanna, comhairliúcháin, doiciméid, cruinnithe etc.) a eagrú.

